# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 5 -11 Meán Fómhair 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 5 Meán Fómhair ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** An tAthair Pádraig Ó Murchú, Baile Loisce agus An Chóiré Theas, a thuismitheoirí Caitlín agus Tomás, agus Muintir Mhurchú atá ar shlí na fírinne, C.B
**2.** Nóra agus Seán Mac Gearailt, Cathair Scuilbín, C.B.
**3.** Dónall Baker, Ardamór, C.B.

**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 6 Meán Fómhair ar a 10.00rn**
**Intinn:** Áine Uí Fhlatharta, Clochar, 3ú C.B.

**Guí an Phobail**
David Scarff, Dún Chaoin agus Baile Átha Cliath, a fuair bás le déanaí.
Esther Greene, An Daingean agus Cill Áirne, a fuair bás le déanaí.
Pádraig (Patty) Búdhlaéir, An Gort Mór, Baile an Fheirtéaraigh 10ú C.B.
agus muintir Búdhlaéir, atá ar slí na firinne.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 13 Meán Fómhair ar a 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 13 Meán Fómhair ar a 10.00rn**

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

Má tá aon **Stampaí Úsáidte** agat is féidir iad a fhágaint sna séipéil. Más féidir fág píosa maith páipéir timpeall orthu. Tagann beanrialta ón nGaillimh chun iad a bhailiú. Bíonn cuimhneamh speisialta i gcónaí ar na daoine a thugann tacaíocht don bhfeachtas seo.

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh Bailiúchán Speisialta ar mhaithe le Riachtanaisí na Deoise an deireadh seachtaine seo **5/6 Meán Fómhair.**

**Adhradh na Naomh Shacraimint i Séipéal Naomh Gobnait, An Domhnach seo, 6 Meán Fómhair, idir 2.00 – 4.00in. Fáilte roimh chách.**

**Fuinneog Daite Shéipéal na Carraige**
Tá an fhuinneog daite 'Muire na Síor Chabhrach' deisithe agus curtha thar nais sa tséipéal. Gach beannacht agus rath ar gach duine a thug síntiús agus a chabhraigh in aon tslí chun an togra seo a chur i gcrích.

**Pat Lawless – Rás Golden Globe**
Gach beannacht agus rath ar Pat Lawless agus é ar a thuras farraige timpeall an domhain sa rás an Golden Globe. Is féidir le daoine súil a choimeád ar a dhul chun cinn ar https://goldengloberace.com/live-tracker/.



**Grúpa Gníomhaíochtaí do Dhaoine le Néaltrú (Dementia)**
Beidh Grúpa Gníomhaíochtaí do Dhaoine le Néaltrú (Dementia) 'Sonas Le Chéile' ag tosnú **Déardaoin, 17 Meán Fómhair óna 11.00rn -1.00in in Óstán Bhenners, sa Daingean.** Beidh an grúpa ag teacht le chéile go míosúil. Beidh fáilte roimh cairde, gaolta, cúramóirí agus daoine le Néaltrú. Beidh na himeachtaí seo leanas ar siúl: caidreamh shóisialta, cluichí , ceol, amhráin, scéalaíocht agus comhrá. Breis eolais ó Melissa Molyneaux ASI ar 087 2177932.

**Anam Cara**
Beidh oíche eolais ag an eagraíocht Anam Cara dírithe ar dheartháireacha agus deifiúracha do leanbh a cailleadh. Beidh an ócáid seo ar siúl arlíne, Dé Máirt, 15 Meán Fómhair ar a 7.00in. Gach eolas info@anamcara.ie, 085-288 8888 agus www.anamcara.ie.

**Machnamh - Céad Léacht (Ezícéal 33:7-9)**
*Mura dtugann tusa rabhadh don drochdhuine, cuirfidh mé an fhreagracht as a bhás ortsa.* Tá trácht sa léacht seo ar an bhfáidh Ezícéal bheith ceaptha ag Dia mar fhear faire do phobal Iosrael le rabhadh a thabhairt dóibh faoi bhaol an pheaca. Tosaíonn an téacs seo sa Bhíobla le sampla de fhear faire in aimsir an fháidh féin. Inniu tá taithí againn ar an mbaol ó bhuamaí agus a leithéidí, nuair bhaintear an t-aláram, nó an bonnán. Fear faire an lae inniu a dhéanann sin. An té nach dtugann aird ar an aláram agus an rabhadh agus a chailltear, ní ar ar bhfear faire an fhreagracht faoi. Ba aimsir chogaidh í ré Ezícéal, le baol ón gclaíomh agus ón namhaid ag teacht faoi dhéin cathrach. Cuirtí fear faire ar gharda le séideadh ar an trumpa leis an bpobal a chur ar a n-aire. Dá gcloisfeadh duine fuaim an trumpa gan aird a thabhairt air, bheadh sé nó sí freagrach ina bhás féin. Dá mba rud é nár sheinn an fear faire an trumpa agus go gcaillfí duine, bheadh an fear faire, an garda, freagrach as a bhás. Ón sampla sin casann an téacs go dtí an fáidh mar gharda, mar fhear faire, do mhuintir Iosrael, le rabhadh a thabhairt thar cheann Dé don drochdhuine. Muna dhéanann an drochdhuine aithrí agus iompú óna pheaca, is é féin, agus ní an fear faire, atá freagrach as a íde.

**Tráth an Chruthaithe (1 Meán Fómhair – 4 Deireadh Fómhair)**
Idir an dá linn tagaimid le chéile le dul i bhfeighil an bhaile choitinn seo a tugadh dúinn ar iontaoibh agus a fhios againn go dtógfar suas chun an féasta ar neamh gach maith atá anseo. In éineacht leis na créatúir eile táimid ag taisteal tríd an dtír seo ag lorg Dé, mar 'má bhí tús ag an ndomhan agus má cruthaíodh é caithfimid a fhiafraí cé a thug an tús sin dó agus cérbh é a Chruthaitheoir.' Canaimis ar an mbóthar. Nár bheire ár n-iarrachtaí agus ár gcúram don bpláinéad seo riamh uainn ár lúcháir agus ár ndóchas. I gcroí an domhain seo bíonn Tiarna na beatha, a bhfuil grá chomh mór sin aige dúinn, i gcónaí i láthair. Ní thréigeann sé sinn, ní fhágann sé linn féin sinn, mar d'aontaigh sé é féin linn go cinnte lenár ndomhan agus bíonn a ghrá de shíor dár seoladh ar aghaidh chun bealaí nua ar aghaidh a aimsiú. Moladh leis!
(Laudato Si'- An Pápa Proinsias)

**Naomh Ciarán – Féile, 9 Meán Fómhair**
Is i gContae Ros Comáin a rugadh Naomh Ciarán timpeall na bliana 512. Saor adhmaid a bhí ina athair, Beoit agus ba ó Chiarraí a mháthair, Darerca. Chuaigh sé isteach i mainistir Chluain Ioraird sa bhliain 529. I Mí Eanáir 545 tháinig sé go Cluain Mhic Nóis, áit ar bhunaigh sé mainistir a raibh sé i ndán di bheith ar cheann de na mainistreacha ba mhó cáil sa Eoraip. D'éag sé nuair a bhí sé 33 bhliain d'aois agus nuair a bhí an mhainistir á thógaint. Thug an Pápa Naomh Eoin Pól II cuairt ar Chluain Mhic Nóis sa bhliain 1979 agus mhol sé obair na manach ón dtír seo a chraobhscaoil an soiscéal sa Eoraip.

**Ciste an Pharóiste €645.00**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana**. Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie